*An Chigireacht Oideachais agus Oiliúna -*

*Ag Cur Feabhsú Chun Cinn*

Ag Soláthar Seirbhísí Cigireachta do:
An Roinn Oideachais
An Roinn Fostaíochta agus Foghlama
An Roinn Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta

INFHEISTEOIR I NDAOINE

# An Chigireacht Oideachais agus Oiliúna

## Naíscoil Éanna
## Baile na Mainistreach

## Dáta na Cigireachta: Feabhra 2008

## FAISNÉIS STAITISTIÚIL

| | |
|---|---|
| **Ainm an Ionaid Réamhscoile:** | Naíscoil Éanna |
| **Seoladh:** | Bóthar an Bhaile Aird<br>BAILE NA MAINISTREACH<br>Co Aontroma<br>BT36 7AU |
| **Cineál Bainistíochta:** | Deonach |

| | |
|---|---|
| **Dáta na Cigireachta:** | 5 Feabhra 2008 |
| **Dáta na Cigireachta roimhe sin:** | |

### 1. Sonraí faoi na Páistí

| **Líon iomlán na bpáistí:** | **seisiún am** | **seisiún pm** |
|---|---|---|
| • atá ag freastal ar an ionad réamhscoile | 18 | - |
| • atá sa bhliain go díreach roimh an chéad bhliain scoile | 16 | - |
| • atá á maoiniú ag an Roinn Oideachais | 16 | - |
| • atá cáilithe faoi chritéir iontrála 1 agus 2 de chuid na Roinne Oideachais | 0 | - |
| • a bhfuil ráiteas ina leith go bhfuil Sainriachtanais Oideachais acu | 0 | - |
| • nach bhfuil ráiteas ina leith ach atá ag fáil teiripe nó tacaíochta a bhaineann le Sainriachtanais Oideachais ó dhaoine gairmiúla eile | 0 | - |
| • a bhfuil an Béarla mar theanga bhreise acu | 0 | - |
| • a d'fhág sa bhliain scoile roimhe seo le freastal ar rang réamhscoile taobh istigh de bhunscoil | 0 | - |
| **Tinreamh:** | | |
| • tinreamh na bpáistí a fuair maoiniú don bhliain scoile roimhe seo ina chéatadán** | 85% | - |

** Bunaithe ar an fhigiúr ón dáta a bhí an iontráil comhlánaithe

## 2. Sonraí faoin Fhoireann

| **Líon:** | **Lánaimseartha** | **Páirtaimseartha** |
|---|---|---|
| Baill foirne agus an ceannaire san áireamh | 0 | 3 |
| Baill foirne a bhfuil cáilíochtaí aitheanta cúram leanaí acu | 0 | 3 |
| Ceapacháin nua le 12 mhí anuas | 0 | 1 |

| **Líon: *** | |
|---|---|
| Mic léinn | 0 |
| Oiliúnaithe | 0 |

*** Iomlán socrúchán ó Mheán Fómhair na bliana reatha

## 3. Sonraí faoi Sheisiúin

| **Fad ama sheisiún na maidine** | **Fad ama sheisiún an tráthnóna** | **Líon laethanta a bhí an t-ionad oscailte sa bhliain roimhe** |
|---|---|---|
| 3½ huaire an chloig | - | 183 |

## 4. Ceistneoirí chuig Tuismitheoirí

| **Líon a eisíodh chuig tuismitheoirí:** | 18 |
|---|---|
| Céatadán acu a cuireadh ar ais: | 77.8% |
| Líon na dtuairimí scríofa: | 4 |

**NAÍSCOIL ÉANNA, BAILE NA MAINISTREACH, CO AONTROMA, BT36 7AU (3AB-0535)**

1. Is ionad réamhscolaíochta faoi bhainistíocht dheonach í Naíscoil Éanna; is ó theaghlaigh Bhéarla a thagann na páistí a bhíonn ag freastal ar an Naíscoil áit a nglacann siad páirt i gclár luath-thumoideachais Ghaeilge. Tá an Naíscoil lonnaithe i seomra ranga soghluaiste atá suite ar chuid tailte Chumann Naomh Éanna, Cumann Lúthchleas Gael. Is ón cheantar máguaird a thagann bunús na bpáistí.

2. Is trí cheistneoirí cigireachta a tugadh deiseanna do na tuismitheoirí, don fhoireann agus don ghrúpa bainistíochta barúlacha a nochtadh faoin Naíscoil. Is é an tuairim a léiríodh sna freagraí ó na tuismitheoirí go rabhthas thar a bheith sásta le caighdeán an oideachais; thug roinnt tuismitheoirí tuairimí i scríbhinn inar mhol siad obair na foirne. Chuir líon an-bheag tuismitheoirí in iúl nár insíodh dóibh iomlán polasaithe na Naíscoile faoi ghnéithe den tréadchúram.

3. Tá láidreachtaí tábhachtacha i gcaighdeán na socruithe le haghaidh tréadchúraim agus cosaint leanaí. Tá roinnt polasaithe agus modhanna oibre oiriúnacha ag an Naíscoil le haghaidh cosaint leanaí. Tá roinnt nithe beaga breise de dhíth lena chinntiú go mbeidh siad sin cuimsitheach. Ina measc is gá ráiteas frithbhulaíochta a ullmhú agus measúnuithe ar phriacail a bheith scríofa le haghaidh turas agus cuairteanna. Léirítear ón fhianaise sa chigireacht go gcuireann an fhoireann na polasaithe agus na modhanna oibre sin i bhfeidhm go comhsheasmhach.

4. Tá láidreachtaí i gclár na Naíscoile le sláinte agus folláine a chur chun cinn agus táthar ag cur leis an ghealltanas go spreagfar na páistí le bheith ag ithe go sláintiúil agus le bheith i mbun gníomhaíochtaí coirp.

5. Tá an t-atmaisféar san ionad cairdiúil lán carthanachta, agus sin bunaithe ar dhea-chaidreamh idir an fhoireann agus na páistí. Leagtar an seomra súgartha amach le haghaidh réimse gníomhaíochtaí agus baintear úsáid as grianghraif agus as roinnt taispeántas d'obair ealaíne na bpáistí féin le cuma bhreá a chur ar an áit. Thiocfadh tuilleadh feabhais ar cur ar an timpeallacht dá mbeadh réimse is leithne agus is spreagthaí d'acmhainní ar fáil i ngach réimse súgartha. Bíonn cuma shona fhéinmhuiníneach ar na páistí; bíonn cúnamh de dhíth ar mhionlach shuntasach díobh go fóill le go ndéanfaidh siad forbairt ar a gcuid scileanna sóisialta agus go socróidh siad le haghaidh súgradh táirgiúil. Caithfidh an fhoireann an polasaí bainistithe iompair acu a fheidhmiú ar bhonn níos comhsheasmhaí.

6. Cuirtear béim mar is cuí sa chlár ama laethúil ar thréimhsí fadaithe saorshúgartha ar lena linn a bhíonn na páistí saor lena rogha gníomhaíochtaí a dhéanamh; tá an clár cothrom agus roinnt gníomhaíochtaí cuí do grúpaí mar chuid de. Le linn an tsosa buifé bíonn deiseanna ag na páistí a gcuid scileanna sóisialta agus a gcuid neamhspleáchais a fhorbairt. Caithfidh an fhoireann feabhas a chur ar an dóigh a mbainistítear an t-athrú ó gníomhaíocht go gníomhaíocht agus ina measc sin an dóigh a n-eagraítear am scéalaíochta, am le glanadh suas agus súgradh amuigh faoin spéir le go mbainfear an úsáid is éifeachtaí as an am uile le haghaidh foghlama.

7. Bíonn an fhoireann tuisceanach carthanach agus iad ag plé leis na páistí. Le linn na cigireachta chuir an fhoireann le cumas smaointeoireachta agus foghlama na bpáistí agus lena gcumas sa teanga, in amanna, agus na páistí ag déanamh taois, ag obair ag an tráidire uisce agus ag úsáid ábhar foirgníochta. Caithfidh an fhoireann cur leis an chuid is fearr de na samplaí sin le go spreagfar na páistí le bheith i mbun súgradh táirgiúil, le go socrófar spriocanna iomchuí i gcomhthéacs ábaltacht na bpáistí, agus le go gcuirfear le cuid smaointeoireachta na bpáistí féin chun tuilleadh deiseanna foghlama a thabhairt dóibh ar bhonn níos comhsheasmhaí i rith an tseisiúin. Tá an fhoireann ag freastal ar chúrsaí Gaeilge le go mbeidh siad níos inniúla ar úsáid na teanga agus ba chóir dóibh leanúint de sin, lena chinntiú go mbeidh siad ábalta cumarsáid iomlán a dhéanamh leis na páistí i nGaeilge. Caithfidh an fhoireann úsáid níos iomláine a bhaint as an Ghaeilge mar theanga oibre sa Naíscoil le go gcuirfear le luach na teanga; bhainfeadh na páistí tairbhe as tuilleadh deiseanna a bheith acu Gaeilge a chluinstin níos rialta. Lena chois sin ba chóir na páistí a spreagadh le foclóir ardmhinicíochta Gaeilge a úsáid i rith an lae.

8. Tugann an clár roinnt deiseanna foghlama do na páistí i ngach réimse de churaclam na Naíscoile.

- Tá na páistí cairdiúil neamhspleách agus a lán acu ábalta iad féin a chur in iúl i mBéarla go féinmhuiníneach. Caithfidh an fhoireann tuilleadh a dhéanamh le feabhas a chur ar chumas na bpáistí a n-aird agus a n-intinn a dhíriú ar ghnóthaí.

- Baintear úsáid as réimse uirlisí iomchuí le forbairt a dhéanamh ar scileanna mínluaileacha na bpáistí. Bíonn deiseanna ag na páistí ar shúgradh fisiceach fuinniúil gach lá. Is cuí go n-aithníonn an fhoireann an gá atá le hacmhainní breise agus le sainphleanáil chun tuilleadh forbartha a dhéanamh ar an ghné sin den chlár.

- Tá teacht ag na páistí ar áit chruthaitheachta; tá cuid de na páistí ag tosú a phéinteáil pictiúir shimplí. Le linn na cigireachta, chonacthas roinnt samplaí maithe de chomharshúgradh san áit le aghaidh ról-imeartha; cuireadh leis na deiseanna súgartha nuair a fuarthas taos.

- Léiríonn beagán páistí suim in bheith ag cur tús le marcáil agus le scríobh agus iad ag cur suime i leabhair. Ba chóir an tsuim sin a mhéadú i rith na ngníomhaíochtaí súgartha. Caithfidh an fhoireann tuilleadh a dhéanamh le scileanna éisteachta na bpáistí a mhéadú. Bíonn an seisiún scéalaíochta agus amhránaíochta ag deireadh an lae ina chuidiú leis an Ghaeilge a chur chun cinn. Ba chóir don fhoireann cur leis na deiseanna sin agus tuilleadh úsáide a bhaint as amhráin agus rainn spontáineacha i rith an tseisiúin le forbairt theanga na bpáistí a chur chun cinn. Léiríonn bunús gach páiste go bhfuil tuiscint acu ar an Ghaeilge labhartha.

- Spreagtar na páistí go nádúrtha le luath-theanga agus luathsmaointeoireacht mhatamaiticiúil a chleachtadh trí réimse de ghníomhaíochtaí súgartha.

- Le linn na cigireachta bhí roinnt diansúgartha ann agus na páistí ag imscrúdú na n-airíonna a bhaineann le gaineamh, uisce agus taos. Cuirtear le taithí na bpáistí agus iad ag dul ar cuairteanna nó cuairteoirí a bheith ag teacht chucu sa Naíscoil.

9. Tá polasaí iomchuí sainriachtanais oideachais ag an Naíscoil. Ba chóir don fhoireann oiliúint a fháil lena chinntiú go mbeidh siad breá ábalta páistí a bhfuil riachtanais bhreise acu a aimsiú agus cúnamh a thabhairt dóibh.

10. Tá an Naíscoil i ndiaidh naisc mhaithe fhoirmiúla agus neamhfhoirmiúla a cruthú idir í féin agus na tuismitheoirí. Tugtar leabhrán fáiltithe agus na polasaithe iomchuí do gach tuismitheoir agus an páiste ag tosú a fhreastal ar an Naíscoil den chéad uair. Scaipeann an fhoireann ceistneoir úsáideach ar na tuismitheoirí sa chéad téarma le roinnt aiseolais a fháil uathu. Thiocfadh sin a leathnú agus gnéithe eile d'obair na Naíscoile a chlúdach ann. Bíonn réimse modhanna iomchuí ag a fhoireann le tuismitheoirí a choinneáil eolach ar ghnéithe éagsúla d'obair na Naíscoile. Thiocfadh tuilleadh forbartha a dhéanamh ar an nuachtlitir úsáideach ina dtugtar eolas do thuismitheoirí faoi imeachtaí, agus eolas soiléir a thabhairt inti ar an churaclam agus ar na dóigheanna a mbeadh tuismitheoirí ábalta cuidiú leis na páistí foghlaim sa bhaile. Tugann an fhoireann frásaí úsáideacha Gaeilge do na tuismitheoirí. Tugtar eolas do thuismitheoirí ar dhul chun cinn na bpáistí go neamhfhoirmiúil. Bíonn cruinniú ag an fhoireann le tuismitheoirí gach páiste dhá uair sa bhliain le plé a dhéanamh ar dhul chun cinn an pháiste.

11. Tá an fhoireann ag obair i gcomhar leis an saineolaí oideachais luath-óige le forbairt a dhéanamh ar an phleanáil scríofa. Caithfidh siad a chinntiú gur soiléire an chomhthuiscint a bheas acu ar an churaclam réamhscolaíochta le go dtabharfaidh sin dúshraith agus treoir dóibh sa phróiseas pleanála. Caithfidh an fhoireann na pleananna gearrthréimhseacha a úsáid ar bhonn níos éifeachtaí ina gcuid oibre ó lá go lá. Caithfidh na gníomhaíochtaí foghlama a chuirtear ar fáil bheith níos oiriúnaí do chéimeanna éagsúla forbartha na bpáistí. Tá an fhoireann i ndiaidh tús a chur le pleanáil le haghaidh spriocthorthaí foghlama Gaeilge do na páistí agus tá an tacaíocht chuí teanga ar fáil leis an fhoireann a threorú i áiteanna éagsúla ar fud na Naíscoile.

12. Tá an fhoireann i ndiaidh tús maith a chur le córas taifead a chruthú ina bhfuil cur síos ar dhul chun cinn na bpáistí san fhoghlaim. Tá siad ag taifeadadh tuairimí córasacha iomchuí ar gach réimse den churaclam; caithfidh ceangal níos dlúithe bheith idir iad sin agus an phleanáil le go ndéanfar freastal ar riachtanais agus ar ábhar spéise na bpáistí aonair.

13. Go díreach roimh an chigireacht tháinig roinnt athruithe ar an fhoireann. Tá an cúntóir lánaimseartha ag gníomhú mar cheannaire; níl sí ach ag tosú sa ról sin. Lena chois sin, tá cúntóir sealadach fostaithe. Is oibrithe crua iad an fhoireann a bhfuil rún daingean acu aire mhaith a thabhairt do na páistí; tá tuiscint ag fás iontu gur meitheal mhaith iad. Tá roinnt láidreachtaí san obair a dhéanann saineolaí oideachais luath-óige na Naíscoile, agus ina measc sin aimsíonn sí na réimsí san obair atá le feabhsú. Tá sé tábhachtach go mbeidh an fhoireann ag obair go dlúth i gcomhar leis an saineolaí oideachais luath-óige le freastal a dhéanamh ar na réimsí atá le feabhsú a aimsíodh i dtuairisc na cigireachta.

14. Tá caighdeán na cóiríochta sásúil; is maith atáthar ag cothabháil an fhoirgnimh. Bíonn fáil ag na páistí ar dhá áit dhaingne súgartha amuigh faoin spéir. Caithfear acmhainní a fhorbairt chun a chinntiú go ndéanfar dul chun cinn sa chlár mar is cuí i rith an dá bhliain a bheas na páistí ann.

15. Tá dlúthcheangal idir an Naíscoil agus an Ghaelscoil atá tadhlach léi áit a mbeidh bunús na bpáistí ag dul. Ba chóir don Naíscoil naisc a chruthú idir í féin agus na scoileanna eile áit a bhféadfaidh cuid de na páistí dul.

**16. I measc phríomhláidreachtaí an oideachais agus an tréadchúraim a sholáthraíonn an Naíscoil tá:**

- an t-atmaisféar cairdiúil carthanach atá bunaithe ar dhea-chaidreamh idir an fhoireann agus na páistí;

- an clár ama laethúil a tugann tréimhsí fadaithe súgartha do na páistí agus iad ábalta triail gan srian a bhaint as réimse acmhainní agus i gcothromaíocht leis sin bíonn gníomhaíochtaí cuí ann do ghrúpaí;

- na naisc mhaithe a chruthaítear idir an Naíscoil agus na tuismitheoirí;

- na samplaí sin de chomharshúgradh táirgiúil agus an fhoireann ag úsáid na ngníomhaíochtaí le deiseanna foghlama a thabhairt do na páistí;

- na páistí sona féinmhuiníneacha a bhfuil deis a labhartha acu; agus

- dúthracht mhór na foirne, na mbainisteoirí agus na dtuismitheoirí d'fhorbairt na Naíscoile.

**17. Aimsíodh sa chigireacht réimsí atá le feabhsú. Is iad seo a leanas na réimsí is tábhachtaí ar gá aird a thabhairt orthu.**

- Caithfidh an fhoireann feabhas a chur ar an dóigh a mbainistítear agus an n-eagraítear na grúpsheisiúin agus na tréimhsí idir ghníomhaíochtaí lena chinntiú go mbeidh gach páiste i mbun gníomhaíochtaí táirgiúla.

- Caithfidh an fhoireann comhthuiscint níos fearr a bheith acu ar an dóigh le diansúgradh a chur chun cinn, caithfidh siad cur le cuid smaointeoireachta na bpáistí féin agus úsáid níos comhsheasmhaí a bhaint as an phoitéinseal foghlama sna gníomhaíochtaí i rith an tseisiúin.

- Caithfidh an fhoireann treoir ar bhonn níos éifeachtaí a fháil ón phleanáil san obair a dhéanann siad leis na páistí ó lá go lá agus caithfidh an phleanáil a bheith níos oiriúnaí do chéimeanna éagsúla forbartha na bpáistí.

18. Tá láidreachtaí i ngnéithe den oideachas agus den tréadchúram a sholáthraítear sa Naíscoil seo. Tá an chigireacht fosta i ndiaidh roinnt nithe a aimsiú le haghaidh feabhsúcháin i réimsí tábhachtacha agus is gá tabhairt fúthu sin le freastal go héifeachtach ar riachtanas gach páiste.

Déanfaidh an Chigireacht Oideachais agus Oiliúna faireachán ar dhul chun cinn na Naíscoile agus í ag tabhairt faoi na réimsí sin atá le feabhsú, agus déanfaidh sí tuairisciú air sin.

**FOSCRÍBHINN**

## GNÓTHAÍ SLÁINTE AGUS SÁBHÁILTEACHTA

- Le linn na cigireachta chonacthas roinn páistí ag dreapadh ar throscán.

© CÓIPCHEART NA CORÓNACH 2008

Is ceadmhach an tuairisc seo a atáirgeadh ina iomláine nó ina codanna, seachas le haghaidh bearta tráchtála, nó i gcomhair réamheolaire nó fógra ar choinníoll go léireofar foinse agus dáta na tuairisce ann.

Is féidir cóipeanna den tuairisc seo a fháil ón Bhrainse Seirbhísí Cigireachta, An Roinn Oideachais, Teach Ráth Giall, 43 Bóthar Bhaile Aodha, Beannchar, Co. an Dúin BT19 7PR. Tá cóip ar fáil chomh maith ar shuíomh gréasáin na Roinne Oideachais: www.deni.gov.uk